



2026/731

30.3.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/731 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Márta 2026**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 a mhéid a bhaineann lena fhorálacha idirthréimhseacha agus le forálacha áirithe maidir le sampláil**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 34(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> leagtar síos rialacha maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe, faoi chuimsiú na bpleananna náisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, le torthaí a léirmhíniú agus le modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála.
- (2) Sainmhínítear modhanna samplála le haghaidh beatha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. Ós rud é gur féidir samplaí beatha a thógáil freisin faoi chuimsiú na bpleananna rialaithe náisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646, a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, ba cheart sampláil beatha i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2021/808 a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin. Ós rud é nach mbunaítear leis an Iarscríbhinn sin ceanglais mhionsonraithe maidir le nósanna imeachta samplála a thuairisciú agus maidir leis na samplaí a iompar agus a stóráil, agus go bhfuil gá leis na ceanglais sin chun na rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair na substaintí sin i mbeatha, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach i bpointí 5 go 7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 maidir le beatha.
- (3) An idirthréimhse ar ina diaidh nach mór do na modhanna anailíse uile a úsáidtear le haghaidh rialuithe oifigiúla ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair na substaintí sin na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 a chomhlíonadh, rachaidh sí in éag an 10 Meitheamh 2026.
- (4) Ar bhonn an dul chun cinn a thuairiscigh na Ballstáit, tá gá le níos mó ama chun roinnt modhanna anailíseacha a athbhailíochtú. Ní bheidh na modhanna uile le haghaidh gach maitrise athbhailíochtaithe ag an-chuid Saotharlanna Náisiúnta Tagartha agus saotharlanna rialaithe oifigiúla faoi mhí an Mheithimh 2026, d'ainneoin na n-iarachtaí atá déanta le 4 bliana anuas. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2027.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj>.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe agus maidir torthaí a léirmhíniú agus maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE (IO L 180, 21.5.2021, lch. 84, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2021/808/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/808/oj)).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmisceithe nó neamhúdaráithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrach pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socruithe sonracha chun iad a ullmhú (IO L 248, 26.9.2022, lch. 32, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2022/1646/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1646/oj)).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>).

- (5) Ceanglaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 go bhfuil ar a laghad 12 ubh sa samplamhéid, ag brath ar na modhanna anailíse a úsáidtear. Ós rud é go bhfuil ubh ostraise amháin, a d'fhéadfadh meáchan 1-1,5 kg a bheith inti, coibhéiseach ó thaobh meáchain de le 24 ubh circe, meastar gur cainníocht shamplach iomchuí í ubh ostraise amháin. Dá bhrí sin, is gá méid na samplála le haghaidh uibheacha ostraise a shonrú san Iarscríbhinn sin.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 a leasú dá réir.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808:

*'Airteagal 6*

#### **Modhanna samplála**

Áiríteoidh na Ballstáit go dtógfar, go láimhseálfar agus go lipéadófar samplaí i gcomhréir leis na modhanna mionsonraithe le haghaidh samplála a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar sampláil ar bheatha i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (\*) agus i bpointí 5, 6 agus 7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(\*) Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>).'

#### *Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808:

'Mar sin féin, go dtí an 31 Nollaig 2027, leanfaidh na ceanglais a leagtar síos i bpointí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE d'fheidhm a bheith acu maidir le modhanna a bheidh bailíochtaithe roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.'

#### *Airteagal 3*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 1 ('Cainníocht na samplaí') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808:

#### **1. Cainníocht na samplaí**

Sainmhíneofar cainníochtaí íosta na samplaí sa chlár náisiúnta um rialú iarmhar. Beidh cainníochtaí íosta na samplaí leordhóthanach le go mbeidh na saotharlanna formheasta in ann na nósanna imeachta anailíse is gá chun an scagadh agus na hanailísí deimhniúcháin a chur i gcrích. Go sonrach maidir le héanlaith chlóis, dobharshaothrú, coiníní, géim feirme, reiptílí agus feithidí, is éard atá i sampla ainmhí amháin nó níos mó, ag brath ar riachtanais na modhanna anailíse. I gcás uibheacha, tá ar a laghad 12 ubh sa samplamhéid, de réir na modhanna anailíse a úsáidtear. Tá ubh amháin sa samplamhéid i gcás uibheacha ostraise, áfach. I gcás inar gá anailís a dhéanamh ar roinnt catagóirí substaintí i sampla amháin le modhanna anailíse éagsúla, méadófar an samplamhéid dá réir sin.'

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN